Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12505/24**
**ADD 1**

**ENT 141**
**MI 718**
**COMPET 818**
**IND 382**
**DELACT 136**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 3480 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 trí na córais is infheidhme a leagan síos chun seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú i ndáil leis na saintréithe sár-riachtanacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus lena leasaítear an Rialachán sin a mhéid a bhaineann le seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú bunaithe ar chur chuige samhaltaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 3480 final.

---

Faoi iamh: C(2024) 3480 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2024
C(2024) 3480 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 trí na córais is infheidhme a leagan síos chun seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú i ndáil leis na saintréithe sár-riachtanacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus lena leasaítear an Rialachán sin a mhéid a bhaineann le seasmhacht feidhmíochta táirgí foirgníochta a mheasúnú agus a fhíorú bunaithe ar chur chuige samhaltaithe**

<u>IARSCRÍBHINN I</u>

**CÓRAIS MEASÚNAITHE AGUS FÍORAITHE SEASMHACHTA FEIDHMÍOCHTA**

I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, agus a saintréithe sár-riachtanacha á gcur san áireamh, beidh feidhm mar seo a leanas ag na córais chun Seasmhacht Feidhmíochta a Mheasúnú agus a Fhíorú (córas AVCP) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011:

*Tábla 1*

**Le haghaidh saintréithe sár-riachtanacha maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil**

| Ró | Fo-aicmí táirgí | Córas AVCP |
|---|---|---|
| 1 | Táirgí arb ann do bhunús dlí Eorpach is infheidhme ina leith chun a chinneadh go meastar go mbaineann siad leibhéal nó aicme áirithe feidhmíochta amach gan tástáil ná ríomh, nó gan tuilleadh tástála ná ríomha | **4** |
| 2 | Táirgí nach mbaineann leis na fo-aicmí a leagtar amach i ró 1 | **3+** |

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(a) cuirtear pointe 1.4a. Córas 3+ seo a leanas isteach:

'1.4a. **Córas 3+**

(a) Déanfaidh an monaróir an méid seo a leanas:

(i) measúnú ar fheidhmíocht an táirge ar bhonn sonraí a bhailiú maidir le luachanna ionchuir, toimhdí agus samhaltú;

(ii) rialú ar tháirgeacht mhonarchan.

(b) Is é an comhlacht bailíochtaithe measúnaithe dá dtugtar fógra a dhéanfaidh cinneadh maidir le heisiúint, srianadh, fionraí nó tarraingt siar na tuarascála bailíochtaithe maidir le seasmhacht feidhmíochta an táirge foirgníochta ar bhonn thoradh na measúnuithe agus na bhfíoruithe seo a leanas arna ndéanamh ag an gcomhlacht sin:

(i) bailíochtú na luachanna ionchuir, na dtoimhdí a rinneadh agus comhlíonadh na rialacha cineálacha is infheidhme nó na rialacha is infheidhme a bhaineann go sonrach le catagóir táirgí;

(ii) bailíochtú mheasúnú an mhonaróra;

(iii) bailíochtú an phróisis atá á chur i bhfeidhm chun an measúnú sin a ghiniúint;

(iv) bailíochtú ar úsáid cheart na mbogearraí atá iomchuí don mheasúnú;

(v) cigireacht tosaigh ar an monarcha mhonaraíochta chun aon sonraí a bhaineann go sonrach le cuideachta a bhailíochtú.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.6:

'1.6. **Táirgí foirgníochta ar eisíodh Measúnú Teicniúil Eorpach ina leith**

Maidir le comhlachtaí dá dtugtar fógra atá ag tabhairt faoi chúraimí faoi Chórais 1+, 1, 3 agus 3+ chomh maith le monaróirí atá ag tabhairt faoi chúraimí faoi Chóras 2+ agus faoi Chóras 4, breithneoidh siad an Measúnú Teicniúil Eorpach a eisíodh don táirge foirgníochta atá i gceist mar mheasúnú ar fheidhmíocht an táirge sin. Dá bhrí sin, ní dhéanfaidh na comhlachtaí dá dtugtar fógra ná na monaróirí na cúraimí dá dtagraítear i bpointí 1.1.(b)(i), 1.2.(b)(i), 1.3.(a)(i), 1.4.(b), 1.4a.(a)(i) agus 1.5.(a)(i) faoi seach.';

(2) i bpointe 2, cuirtear an pointe (4) seo a leanas leis:

'(4) comhlacht um bailíochtú measúnaithe: comhlacht dá dtugtar fógra, i gcomhréir le Caibidil VII, chun an measúnú ar fheidhmíocht táirgí foirgníochta a bhailíochtú.';

(3) i bpointe 3, cuirtear an pointe 6 seo a leanas leis:

'6. Inbhuanaitheacht chomhshaoil.'.